

## A Thuismitheoir/Caomhnóir,

Tá Foireann Taistil Ghníomhach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag tabhairt isteach an tionscnamh ‘The Green-Way To Go’ i Scoil Náisiúnta Naomh Neasáin.

Beidh an tionscnamh seo ar siúl ón 11 Bealtaine go dtí an 12 Meitheamh. Is é aidhm an chlár seo ná mic léinn a spreagadh chun roghanna taistil inbhuanaithe agus sláintiúla a roghnú agus iad ag teacht chuig an scoil agus ag filleadh abhaile. Áirítear orthu seo siúl, rothaíocht, scútáil, bus poiblí/bus naíolainne, nó Park ‘n’ Stride.

Cad is Park ‘n’ Stride ann: Páirceáil do charr timpeall siúlóid 4 nóiméad ón scoil. Roghnaigh suíomh a cheadaíonn rochtain agus imeacht éasca, amach ó limistéar gnóthach na scoile, agus bí cinnte go mbíonn meas agat i gcónaí ar chónaitheoirí agus ar ghnólachtaí.

## Conas páirt a ghlacadh

- Gheobhaidh gach dalta Leabhrán Luaíochta.
- I gcás gach turais a dhéantar ag baint úsáid as ceann de na cúig mhodh cheadaithe, gheobhaidh an dalta stampa amháin ina leabhrán.
- Dalta a shroicheann 35 stampa agus a gcomhlánaíonn an tuismitheoir an suirbhé ag úsáid an chóid QR ar chúl an leabhráin.
- Nuair a bheidh sé críochnaithe, gheobhaidh an dalta Teastas Taistil Ghníomhaigh mar aitheantas ar a rannpháirtíocht agus ar a iarracht.

Tá sé mar aidhm ag an gelár seo nósanna níos sláintiúla a chur chun cinn agus tacú le timpeallacht níos sábháilte os comhair na scoile do gach dalta.

Is mór againn bhur dtacaíocht agus molaimid daoibh bhur bpáiste a spreagadh chun páirt a ghlacadh nuair is féidir.

Le dea-mhéin,  
Foireann Taistil Ghníomhach  
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh





Comhairle Cathrach  
& Contae **Luimnigh**

**Limerick City**  
& County Council

Stiúrthóireacht Iompair agus Soghluaiseachta,  
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh,  
Cé na gCeannaithe,  
Luimneach. V94 EH90.

Transportation and Mobility Directorate,  
Limerick City and County Council,  
Merchants Quay,  
Limerick. V94 EH90.

**t:** +353 (0) 61 556 000

**e:** [transportationandmobility@limerick.ie](mailto:transportationandmobility@limerick.ie)